# Scoil Naomh Bríde, Tulach Uí Chadhain

## Plean Scoile Drámaíochta

**Teideal:** Plean Scoile Drámaíochta

**Réamhráiteas:**

### (a) Conas a cuireadh an plean seo le cheile agus cé a bhí páirteach ann?

Is iad foireann iomlán na scoile a leag amach clár eolaíochta bunaithe ar Curaclam na Bunscoile 1999. Déanfaidh clár leathan comhchothrom deimhin de go mbeidh teagmháil ag na páistí le coincheapa as gach snáithe.

### (b)Cén fáth go bhfuil gá leis an bplean seo?

Deimhneóidh pleanáil eifeachtach i gcomhair na heolaíochta sa scoil go ngeobhaidh na daltaí taithí ar churaclam comhchothrom ina seachnófar idir athrá míchuí agus bearnaí suntasacha.

**Fís agus Aidhmeanna:**

### (a) Fís- An plean i gcomhthéacs na scoile

Chun cur le fiosracht, taitneamh agus samhlaiocht an pháiste ii leith na dramaíochta.

### (b) Aidhmeanna

- Cumas a fhorbairt feidhmiú i ról mar chuid dhílis de ghníomhaíocht.
- A chur ar chumas an pháiste litearthacht sa drámaíocht a shealbhú
- A chur ar chumas an pháiste naisc bhuana a chruthú idir súgradh trí chur i gcéill agus foirm ealaín na hamharclainne
- A chur ar chumas an pháiste dul i dteagmháil le saol na drámaíochta go fisiceach, go mothúchánach agus go hintleachtúil chun scileanna iniúchta, cumasaithe agus ionbhá a chothú
- A chur ar chumas scileanna sóisialta atá riachtanach chun caidreamh a dhéanamh go hoscailte, go macánta agus go sultmhar le daoine eile a fhorbairt
- A chur ar chumas an pháiste comhoibriú le daoine eile agus cumarsáid a dhéanamh leo

chun fadhbanna a réiteach sa drámaíocht féin agus trí mheán na drámaíochta

- A chur ar chumas an pháiste struchtúir agus modhanna na drámaíochta agus mar a chruthaíonn siad naisc idir súgradh, smaointe agus an saol féin a thuiscint
- A chur ar chumas an pháiste teacht ar an eolas seo i dtaobh drámaíochta trí iniúchadh gníomhach a dhéanamh ar theamaí bunaithe ar an saol (an saol atá thart agus an saol atá ann faoi láthair), cibé acu ar baineadh as réimsí eile den churaclam iad nó as réimsí coitianta de shaol an pháiste
- A chur ar chumas an pháiste tosú ar a chuid eolais ar dhrámaíocht a chur i bhfeidhm agus téamaí beatha as litríocht na drámaíochta á n-iniúchadh go gníomhach aige/aici, próiseas a mbeadh de thoradh air ciall agus tuiscint a chothú don chultúr drámaíochta domhanda
- Critéir a cheapadh chun a chur ar chumas meastóireacht a dhéanamh ar na téacsanna drámaíochta, idir scríofa agus léirithe, a bhíonn á gcur ina láthair de shíor.

**<u>Pleanáil Curaclaim:</u>**

**<u>Snáitheanna agus Snáithaonaid:</u>**

Níl ach snáithe amháin sa Churaclam Drámaíochta.

Baineann an snáithe seo le drámaíocht a úsáid chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú. Tá trí snáithaonad san áireamh ann. Is iad sin:

- Iniúchadh agus déanamh drámaíochta
- Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht
- Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta

**<u>Smaointe Leanaí</u>**

Is próiseas cruthaitheach í drámaíocht oideachasúil mar a thuigtear sa churaclam é, a thugann deis do pháisti lánacmhainn na drámaíochta mar eispéireas foghlama a

thaiscéaladh. Tá sí gan ullmhú ó nádúr, agus tá mar aidhm aici eolas a lorg a chuimsíonn gach gné de phearsantacht an pháiste, idir spioradálta, mhorálta, mhothúchánach, intleachtúil agus fhisiceach. Agus an drámaíocht seo á déanamh téann an páiste isteach igcomhthéacs samhalta (an saoldrámaíochta), trí fhicsean faoi charachtair a chur i láthair i dtosca ar leith, ag am áirithe agus i suíomh éigin faoi leith, agus mar sin is féidir leis/léi ar bhealach uathúil coimhlintí, saincheisteanna, iarmhairtí, dearcthaí, móthúcháin, cúraimí agus ábhair bhuartha atá tábhachtach do thuiscint an fhíorshaoil a iniúchadh.

Is i nádúr ar leith an eispéiris dhrámatúil a luíonn a cumhacht mar eispéireas foghlama agus forbartha.

- Trí ghéilleadh don fhicsean
- trí é/í féin a theilgean go samhlaíoch isteach i suíomh
- trí 'bheith feasach agus beo' maidir leis na tosca, saincheisteanna, roghanna agus gníomhartha a bhaineann le carachtar ficseanach mar aon lena n-iarmhairtí
- tríd an méid seo uile a athraonadh trína p(h)earsantacht féin
- is féidir leis an bpáiste teacht ar aireachtála nua.

Soláthraíonn an drámaíocht bealach sainiúil isteach chun na foghlama, agus cuireann sé diminsiún eolais ar fáil atá doshroichte in aon tslí eile.

## Gnéithe na Dramaíochta

**Gnéithe na drámaíochta**

- Creideamh
- Am
- Ról agus Carachtar
- Teannas
- Gníomhaíocht
- Brí
- Suíomh
- Genre

**Réamhriachtanais do dhéanamh drámaíochta**

- Ábhar
- An Suíomh Ficseanach
- Timpeallacht Shábhailte

## Bainistíocht an tSeomra Ranga:

.Cuidíonn eagrúchán maith leis an bainistíocht ranga agus bíonn sé seo mar bhuntaiste do fhorbairt an pháiste. Moltar na páistí a bheith chomh gníomhach is féidir agus gach páiste a bheith rannpháirteach sa rang tré cuspoirí ranga soléir a bheith leagtha amach ag an múinteoir róimh ré. Cruthaítear meon deimhneach i leith na dramaíochta agus léirthuiscint ar thabhacht na dramaíochta do shamhlaíocht an pháiste.

## Príomh-Mhodheolaíochtaí:

**Módh-Eolaíochta/Módh Oibre**

- Caint agus Plé – plé agus ceistiú a chothú
- Foghlaim ghníomhach -Cur chuige praiticiúil/ Foghlaim Comhoibríoch – péirí nó daoine aonair/grupaí beaga/ag obair leis an rang iomlán
- Foghlaim comhoibríoch - scileanna a fhorbairt agus a bheith bunaithe ar phróiseas fiosraithe ina spreagtar páistí chun ceisteanna a chur, eolas agus fianaise a bhailiú, patrúin a chuardach agus teacht ar thátail
- Nósanna imeachta do mheastacháin – déan meastachán ar dtús, réitigh an fhadhb, cuir do mheastachán i gcomparáid leis an bhfíor-thoradh.
- Straitéisí Meastacháin-straitéis tosaigh, straitéis bhraislithe, straitéis shlánaithe, straitéis speisialta
- Réiteach Fadhbanna-meastacháin, cruthú samhla, tarraingt léaráide, trialacha agus earráidí pátrúin sna fadhbanna, meastachán, léirigh an fhadhb, réiteach den fhadhb.

- Úsáid Timpeallachta - daltaí a chur ar an eolas faoi choincheapa amharcealaíon ar bhealach struchtúrtha córasach agus neart deiseanna a sholáthar le haghaidh athchleachtadh agus míniú na gcoincheap
- Scileanna trí nithe an ábhair
- Cur chuige fiosraitheach

**Nascadh agus Comhthathú:**

Tá sé tábhachtach,, comhtháthú drámaíochta le hachair eile curaclaim a phleanáil go cúramach. Pé acu ar chóir tabhairt faoi chomhtháthú atá beartaithe, braithfidh an cinneadh go hiomlán ar an méid a chuirfidh an drámaíocht leis an eispéireas foghlama san achar lena bhfuil sé comhtháite.

Rachaidh roinnt gnéithe i gcion ar an gcinneadh seo:

- nádúr an ábhair
- conas a chuirfear eispéireas drámaíochta na bpáistí agus castacht an ábhair atá le foghlaim lechéile
- oiriúnacht na drámaíochta chun déileáil le corp eolais in achar eile curaclaim atá níos leithne, mar shampla mar a d'fhorbair cúrsaí iompair
- mothálacht an mhúinteora i leith eispéiris fhoghlama a tharlaíonn gan coinne agus atá spontáineach agus ar féidir le drámaíocht iad a chur ar fáil sa ghníomhaíocht sheachtainiúi sa seomra ranga
- an méid is féidir le drámaíocht deacrachtaí áirithe foghlama nó coincheapúla a d'fhéadfadh a bheith ag an rang nó ag grúpa nó ag páistí aonair a shárú

Beidh dramaíocht comhthaithe le saol baile agus scoile na bpáistí chomh maith lena gcuid timpeallacht agus eachtraí a tharlaíonn go laethúil sa saol agus sa sochaí dá bhrí sin beidh drámaíocht comhthaithe go mórmór le Gaeilge, Béarla agus OSPS.

## **Measúnú: Ag Breathnú ar Obair na Leanaí:**

- Breathnóireacht an mhúinteora- Monatóireacht neamhfhoirmiúil a dhéanamh ar dul chun cinn na bpáistí agus an próiseas drámata ar siúl
- An doigh a sealbhaíonn páistí difriúla scíleanna dramaíochta agus an dóigh a bhfoghlaimíonn siad tríd an bpróiseas drámata
- Tascanna agus trialacha a dhéanann an múinteoir féin.
- Samplaí Oibre

## **Páistí le Riachtanais Éagsúla:**

I ngeall ar nadúr na dramaíochta agus ar an eispéireas sainiúilatá le bronnadh aici tá áit ar leith ag an dramaíocht in oideachas páistí. Cuireann an t-eispéireas drámaíochta agus na gníomhaíochtaí sa snáithaonad ‘Comhoibriú agus Cumarsáid ii ndéanamh Drámaíochta deiseanna foghlama ar fail atá ríthabhachtach do pháistí le riachtanais speisialta. Is féidir leis cuidiú go mór mór le forbairt teanga an pháiste trí leathnú a dhéanamh ar stór focal is ar chumas cur i láthair. Cabhróidh gné fisiceach na drámaíochta freisin le léiriú neamhbhriathartha. Le linn forbairt a dhéanamh ar choincheapa an phaiste faoi ghnéithe na drámaíochta mar shuíomh agus am, cothaítear aireachtáil spásúil agus tuiscint níos crúinnr ar choibhneas amanna le cheile. Ina theannta sin cabhróidh an scéal atá mar bhun le próiseas na drámaíochta agus le forbairt ar chumas an pháiste chun nádúr seicheamhach imeachtaí a thuiscint agus a chur in iúl agus cothófar cumhachtaí dianmhachnaimh tríd an tábhacht a bhaineann le fócas a chur ar ghnéithe difriúla de ghníomhaíocht drámaíochta. Solathraionn an dramaíocht deis chun deileáil le ceisteanna bunaithe ar rogha is ar choimhlint trí sheasamh siar uathu sa chomhthéacs ficseanach agus sa tslí sin cuidiú le timpealalcht shábháilte a sholathar ina bhféadfaí iniúchadh a dhéanamh orthu. Thar aon ní eile toisc go dtugann sí scóip d’fhéinchur in iúl agus fhéinléargas , tá an chúnamh is féidir le drámaíocht a thabhairt d’fhéinmheas an pháiste thar áireamh.

- **Pleanáil Eagraíochta**

## Clár Ama

Seo an méid ama a thugtar don Dramaíocht sa tseachtain

Ranganna Naíonáin: 40 nóiméad sa tseachtain

Meán Ranganna agus Ard Ranganna: 60 nóiméad sa tseachtain

## Acmhainní agus Treallamh

**Acmhainní**

- Scéalta & leabhair éagsúla-
- Rud ar bith - samhlaíocht na páistí, comhrá agus caint na páistí agus an mhúinteora.
- Pictiúir, dlúthdhioscanna &rl
- Áiseanna do Dráma na Nollag

## Pleanáil agus Tuairisciú Múinteoir Aonair

Ina c(h)ur chuige do phleanáil drámaíochta sa seomra ranga, is gá don mhúinteoir roinnt ceisteanna a chur san áireamh:

- an comhthéacs ginearálta pleanála le haghaidh drámaíochta sa seomra ranga
- ábhar na drámaíochta sa ghearrthréimhse agus san fhadtréimhse
- comhtháthú drámaíochta le hachair eile churaclaim
- múineadh drámaíochta do ghrúpaí ilranga.

Tá pleanáil agus rogha ábhair an mhúinteora an-tabhachtach. Agus ábhar á roghnú, ba chóir don mhúinteoir roinnt cúinsí a ghlacadh mar stiúir, agus baint acu go léir le mianach ar leith an eispéiris foghlama a chuireann sí ar fáil. Ba chóir go gcuideodh ábhar drámaíochta chun

- fiosracht faoi eolas a chothú sna páistí
- scileanna taighde a spreagadh agus cuidiú leo, agus ionad an fhiosrúcháin phearsanta thaispeáint go gníomhach maidir le sealbhú eolais

- an gaol idir dúil chun rud éigin a fháil amach agus an cumas chun an t-eolas sin a shealbhú a thaispeáint don pháiste
- an páiste a chur ar an eolas faoin ngné dhaonna atá ina cuid dhílis den eolas ina iomláine
- tuiscint an pháiste ar thopaicí is ar théamaí na beatha a mhéadú
- imfhios a thabhairt don pháiste i ngnéithe den saol atá ríthábhachtach dá f(h)orbairt
- eolas a chur i gcomparáid le heispéireas
- cuidiú leis an bpáiste trí na céadfaí go léir a tharraingt isteach, agus trí eispéireas iomlán coirp, an chuimhne a fhorbairt, agus go mór mór an fhadchuimhne maidir le fíricí agus sonraí.

## Forbairt Foirne

Tá sé riachtanach go mbeidh cumarsáid maith idir foireann na scoile.
Cuirfidh an caidreamh a dhéanfaidh an múinteoir leis an múinteoir a bhí i mbun an ranga roimhe/roimpi féin agus breathnú ar thaifid an ranga faisnéis úsáideach ar fail dó/di nuair a bheidh clár nua á dhreachtadh agus scéimeanna oibre á phleanáil amach aige/aici.

## Rannpháirtíocht Tuismitheoirí agus Nascadh leis an bPobal

Is feidir le tuismitheoir suim a chothu ina bpáiste féin sa drámaíocht tré:

- Éisteacht leo agus iad a spreagadh chun cleachtaí a dhéanamh: m.sh: Dráma na Nollag
- Freastal ar ocáidí dramaíochta a eagraíonn an scoil agus an pobal
- Spreagadh a dhéanamh ar an bpáiste agus ar an tabhacht a bhaineann le úsáid na buanna atá aige/aici.
- Iarraidh ar thuismitheoiri nó cuairteoirí theacht chun na scoile chun a gcuid buanna féin a léiriú agus a thaispeaint

- Páirt a ghlacadh i gComortaisí dramaíochta
- Gníomhaíochtaí dramaíochta tar éis scoile a chur chun cinn

- **<u>Critéir Rathúlachta</u>**

Tá ullmhuchán na múinteoirí riachtanach chun an plean seo a chur i bhfeidhm. Tá sé tabhachtach na módhanna atá luaite a bheith á leanúint agus athbhreithniú a dhéanamh ar seo go rialta.

- **<u>Cur i bhFeidhm: Meán Fomhair 2013</u>**

**Rólanna agus Freagracht**

Tá sé an-tabhachtach do fhorbairt an pháiste go bhfuil an churaclam a chur i bhfeidhm i ngach rang. Tá an freagracht seo ar fhoireann na scoile ar fad agus gach múinteoir freagrach as a rang féin. Beidh an plean seo le cur i bhfeidhm Meán Fomhair 2013.

- **<u>Athbhreithniú: Meitheamh 2015</u>**

**(a) Rólanna agus Freagracht**

Tá an freagracht seo ar fhoireann na scoile nuair atá data den athbhreithniú thuas. Meitheamh 2015

**(b) Spriocdháta don athbhreithniú**

Déanfar athbhreithniú ar seo sa bhlain 2015

- **<u>Daingniú agus Cumarsáid</u>**

**<u>Siniú ________________________________ Dáta: _________________</u>**

**<u>Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta</u>**